



**An tSean Bheiric**

*Ionad Turasóireacht na gCroisbheallach*



# Polasaí Gaeilge na Sean Bheairice 2014



## Clár Ábhair

Cuspóir an pholasaí Aim of the policy	4
Aidhmeanna Objectives	4
An Ghaeilge le feiscint thart timpeall Visible use of Irish	6
Seirbhís don phobal Service to the public	8
Foireann Staff	13
Cruinnithe Meetings	14
Cur i bhfeidhm Implementation	15

## Cuspóir an pholasaí

### Aim of the Policy

Go mbeidh an Ghaeilge mar chuid lárnach d'obair agus de ghníomhachtaí na Sean Bheairice, agus go mbeadh fhios ag an phobal go bhfuil fáilte rompu an Ghaeilge a úsáid sa tSean Bheairic.

That the Irish Language continues to be a central part of the work and output of An tSean Bheairic, and that the public are made aware that they are always welcome to use Irish in An tSean Bheairic.

## Aidhmeanna

### Objectives

Chun a chinntiú gur féidir leis an phobal gnó a dhéanamh agus seirbhís a fháil trí mhéan na Gaeilge sa tSean Bheairic.

To ensure that the public can receive services through the medium of Irish in An tSean Bheairic and that the public sense a willingness to use Irish in the venue.

# Aidhmeanna

## Objectives

Go mbeidh beochultúr na Gaeltachta agus imeachtaí Gaelacha curtha chun cinn i gclár ealaíne agus cultúrtha na Sean Bheairice.

That the living culture of the Gaeltacht and Irish-language culture be a mainstay of An tSean Bheairic's artistic and cultural programme.

Borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc na foirne agus an phobail a bhaineann úsáid as seirbhísí na Sean Bheairice.

To increase the use of Irish among staff and the public who use the services of An tSean Bheairic.

## An Ghaeilge le feiscint thart timpeall Visible use of Irish

Go mbeidh comharthaí, stáiseanóireacht agus araile curtha ar fáil go dátheangach agus go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla ar chomhchéim lena chéile.

All signage, internal and external, informational and directional, stationery, etc. should always be bi-lingual and equal prominence should be given to both languages.

Go gcuirfear ar fáil go dhá theangach an t-ábhar bolscaireachta do ha h-imeachtaí agus na h-ócáidí a eagraíonn an tSean Bheairic, (msh. póstaer, preas ráitis srl.)

That the publicity material for an tSean Bheairic events be publised bi-lingually, (Posters, press releases, etc).

Go mbeidh an biachlár sa bhialann curtha ar fáil go dhátheangach.

That a bi-lingual menu be made available in the café.

# An Ghaeilge le feiscint thart timpeall Visible use of Irish

Go mbeidh suíomh idirlíne dhátteangach ag an tSean Bheairic agus go n-úsáidfear an Ghaeilge i meáin shóisialta na Sean Bheairice.

That the Sean Bheairic's website be bi-lingual and that Irish be used on the Sean Bheairic's social media platforms.

Go mbeidh comharthaí / treoracha in airde / curtha ar fáil trí Ghaeilge.

That signage / directions are available in Irish.

# Séirbhís don Pobal

## Service to the Public

Clár oiliúna a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh gach ball den fhoireann ábalta:

- Fiosrúcháin ghinearálta ón phobal a lámhseáil i nGaeilge.
- An fón a fhreagairt le beannacht i nGaeilge.
- Buíochas a ghabháil le custaiméirí agus beannacht a dhéanamh leo trí mheán na Gaeilge
- Beannachtaí i nGaeilge a dhéanamh i ngach cumarsáid scríofa

Implement a basic training programme to enable all staff members of An tSean Bheairic to:

- deal with general public enquiries through Irish;
- answer all telephone calls with a greeting in Irish;
- thank and conduct formal greetings with visitors to An tSean Bheairic in Irish;
- open and sign off all official written Sean Bheairic correspondence in Irish;

## Séirbhís don Pobal Service to the Public

Go mbainfear úsáid as an Ghaeilge in oráidí agus i gcur i láthair.  
All formal speeches and presentations to include the use of Irish.

Tá Ionad Seirbhísí Teanga á riaradh ag an tSean Bheairic. Tá sé mar chuspóir ag an



Ionad Seirbhísí Teanga seirbhís a chur ar fáil do phobal Chloich Cheann Fhaola le deis a thabhairt

dóibh uasghrádú a dhéanamh ar a scileanna Gaeilge agus cáilíocht dá réir a bhaint amach i nGaeilge trí fhreastal a dhéanamh ar Theastas Eorpach na Gaeilge nó TEG mar a thugtar air de ghnáth. I bhfianaise ról tábhachtach na Sean Bheairice i bhfeidhmiú 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' ag soláthar na seirbhísí cultúrtha seo mar aon le deiseanna eile sóisialaithe, le seans a thabhairt don oiread daoine sa phobal agus is féidir freastal ar TEG agus cáilíocht i nGaeilge a bhaint amach.

# Séirbhís don Pobal Service to the Public

An tSean Bheairic administers an Ionad Seirbhísí Teanga/ Language Services Centre.



The purpose of the Ionad is to provide an opportunity for the people of the catchment area to improve their Irish language skills and

also to gain an qualification in Irish, accredited by NUI Maynooth. Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) / The European Certificate in the Irish Language is the curriculum offered in the Language Services Centre. By doing this, An tSean Bheairic will contribute to the implementation of the '20 Year Strategy for the Irish Language' in Cloich Cheann Fhaola.

I gcás fógraí poiblí le haghaidh folúntas, conarthaí poiblí, srl. Ba cheart go mbeidh siad dhátteangach.

All advertisements for jobs, contracts, etc. should be bi-lingual.

## Séirbhís don Pobal Service to the Public

Go mbeidh aon theagmháil i bhfoirm litreacha, r-phost, faicseanna, go dtí rann-páirtithe, urraithe, saineolaithe, daoine áitiúla, baill an choiste nó rl., trí Ghaeilge nó ar a laghad dhá theangach.

That all communications in the form of letters, e-mails, faxes, to participants, sponsors, specialists, committee members etc., are in Irish or bi-lingual.

Go mbeidh an páipéar “ceann litreach” i nGaeilge nó ar a laghad dhá theangach. That stationery/headed paper is in Irish/bi-lingual.

Go mbeidh Gaeilge nó ar a laghad roinnt Gaeilge le cloisint ar an gcóras freagaint gutháin.

That some Irish at least is incorporated into the telephone answering system.

## Séirbhís don Pobal Service to the Public

Go mbeidh gach preas ráiteas, cuireadh chun ócáid oscailte/seoladh, fógraí don sagart/nuachtlitir srl., ar fáil trí Ghaeilge.  
That press releases, invitations, notices for Mass Bulletins and newsletters are available in Irish.

Go n-iarrtar ar chomhlachtaí fógraí trí Ghaeilge a chur in aon bhróiséir/bhilleog.  
That sponsoring companies advertising in a marketing brochure are encouraged to have Irish language content in their ad.

Go mbainfear úsáid as Gaeilge le linn ócáidí – in óráidí, ar an gcóras fuaime, ag fáiltiú roimh dhaoine, ag gabháil buíochas le daoine, ag déanamh fógraí, ag bronnadh duaiseanna, agus mar sin de.  
That Irish is used during events – in speeches, over the sound system, welcoming people, making announcements, presenting prizes/awards etc.

Go mbeidh duine ar fáil ón mBord Stiúrtha, le líofacht Gaeilge, mar urlabhraí le RnaG nó TG4 nó na meáin chumarsáide ar fad.  
That a person is available as a spokesperson for RnaG, TG4 and other media outlets.

## Foireann Staff

Cúrsaí i nGaeilge don fhoireann a bheith mar chuid lárnach den chlár traenála agus oiliúna.

Training policy should include provision for running Irish language classes for staff.

Go mbeadh a fhios ag gach ball foirne go bhfuil an polasaí seo ag An tSean Bheairic i leith na Gaeilge agus go gcuirfear i gcuimhne dóibh gan neamhaird a dhéanamh de.

Staff should be aware at staff briefings, etc. Of An tSean Bheairic's policy on Irish and the need to be aware of all aspects of it.

Iarrtar ar na baill foirne go bhfuil Gaeilge maith acu cabhrú agus tacú leis na daoine nach bhfuil sí chomh mór ar a gcumas acu.

Emphasize the need for those staff members who are competent in Irish to encourage and assist those who are less fluent.

# Cruinnithe

## Meetings

Iarrtar ar baill den mBord Stiúrtha an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn ar gach ócáid is féidir.

Board members should be encouraged to use and promote the use of Irish at every opportunity.

Go mbeadh rún ar an chlár i nGaeilge ó am go chéile más oiriúnach an ábhar.

Board members should include some motions "as Gaeilge" at Board Meetings.

Go n-úsáidfidh na téarmaí "Cathaoirleach", "Rúnaí", "Clár", "Comhairle", mar téarmaí caighdeánach in ionad na leaganacha Béarla.

Irish terms such as "Cathaoirleach", "Rúnaí", "Clár", "Comhairle", should be considered as standard in the same way as Dáil, Taoiseach, etc.

Minutes should be bi-lingual.

Ní mhór go mbeidh na mionthuairiscí dhá theangach.

## Cur i bhfeidhm an pholasaí Implementation of the policy

Go mbeidh duine amháin ar an mBord Stiúrtha freagrach as a chinntiú go bhfuil na pointí thuasluaite á chur i bhfeidhm.

That one person on the Board of Directors will be nominated to oversee the implementation of the above points.

Cuirfí an polasaí seo i bhfeidhm roimh dheireadh 2016.

This policy will be fully implemented by the end of 2016.



An tSeán Bheairic,  
An Fál Carrach,  
Co. Dhún na nGall  
074 9180655  
074 9180888  
[www.antseanbheairic.com](http://www.antseanbheairic.com)

